**An Rí**

Bhí rí fadó ann agus bhí saibhreas agus ollmhaitheas an tsaoil aige. Ach, cén chabhair é, ní raibh an tsláinte go maith aige, agus tá sé ráite riamh, is fearr an tsláinte ná na táinte.

Ní raibh luibh ná lia ag déanamh aon leigheas do.

Ar deireadh tháinig dochtúirí na tíre go léir le chéile agus chuadar i gcomhairle le chéile.

Dheineadar amach dá mbainfí ae amach as garsúinín deas cliste agus é a chur isteach in ionad an ae a bhí sa rí go dtagadh an tsláinte thar n-ais chuige.

‘Sea, cuireadh gairm scoile amach féachaint an bhfaighfí garsúinín cliste a bheadh oiriúnach don gcúram a bhí idir lámha acu. Ar deireadh thiar aimsíodh an garsúinín, garsúinín gleoite agus chuathas go dtína mhuintir. Agus bhíodar á mhealladh, gan dabht. Bhíodar beo bocht. Ní raibh lí na lé ag na créatúirí.

Ar deireadh thiar bhíodar toilteanach an garsúinín a thabhairt dóibh ar airgead maith.



Sea. Díoladh an garsúinín leo agus tháinig an lá go raibh an garsúinín le cur chun báis chun an t-ae a thógaint as le cur sa rí. Bhí gach éinne ullamh.

Fiú amháin bhí an crochaire gaid ullamh chun an bheart a chur i gcrích. Agus bhí an garsúinín ina sheasamh lena dtaobh. Bhí an rí ag faire orthu agus nuair a tháinig an t-am go raibh sé le crochadh d’fhéach an garsúinín in airde ar an spéir agus dhein sé scairteadh mór gháire.

“Fóill ar bhur láimh anois,” arsa an Rí, “caithfear ceist a chur ar an ngarsún cad é a scéalsa.”

Sea, cuireadh ceist ar an ngarsúinín agus fiafraíodh de:

“Conas gur ag gáirí atá tusa agus tú le cur chun báis ar an spota? Ná ba dhóigh le duine gur ag gol a bheifeá?”

An Cúntóir Teanga
www.ancuntoir.ie

“Ó, ní hea,” ar seisean, “níl aon chúrsaí goil agamsa. Táimse díolta ar shaibhreas saolta agem’athair agus agem mháthair chun go mbeadh saol breá acu as so amach. Tá an rí toilteanach mise a chuir chun báis, nach fiú aon ní mé chun go gcasfadh a shláinte air féin.”

“Tá an crochaire gaid anso ina sheasamh agus é sásta chun an bheart a chur i ngníomh, agus cad is dóigh libh? Ní díon domsa éinne ach Dia na Glóire agus is leis sin a bhíos ag gáirí mar is gearr go raghaidh mé ina láthair.”

Leis sin stop an Rí iad, agus dúirt, “Tugaigí chugam an garsúinín sin’ ar seisean.

Tháinig an garsúinín i láthair an Rí.

“Bhuel, anois” ar seisean, “is fearr liomsa mo bhás féin ná do bhás-sa agus táimse sásta bás d’fháil agus tá ana-áthas orm labhairt le do leithéid do gharsúinín cliste dea-mheabhrach, grástúil.”

Agus mar sin a bhí. Thug sé ualach airgid don ngarsúinín. Tháinig an Rí abhaile agus chas a shláinte air agus bhí sé chomh maith is a bhí sé riamh as san amach.